Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Aibreán 2026
(OR. en)

7783/26

LIMITE

CORLX 324
CFSP/PESC 461
COASI 56
COARM 41
FIN 480

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Aibreán 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/184/CBES[1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/184/CBES agus i bhfianaise na staide tromchúisí atá ann go fóill i Maenmar/Burma, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas chomh maith le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, ba cheart na bearta sriantacha atá i bhfeidhm a athnuachan go dtí an 30 Aibreán 2027.

(3) Bunaithe ar fhaisnéis nuashonraithe a fuarthas, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 33 dhuine agus 9 n-eintiteas a áirítear i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES a leasú, agus ba cheart an iontráil a bhaineann le duine éagtha amháin a bhaint den Iarscríbhinn sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/184/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma (IO L 111, 23.4.2013, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/184(1)/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 12, an chéad mhír, cuirtear 'an 30 Aibreán 2027' in ionad an dáta 'an 30 Aibreán 2026';

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 5(1) agus 6(1)', scriostar iontráil 16.

(2) faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6(1)’, cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 15, 17, 20, 21, 22, 26, 27, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 36, 37, 38, 40, 43, 46, 47, 48, 56, 88, 90, 93, 94, 96, 97, 98, 100, 102 agus 103:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘15. | Min Aung Hlaing | Dáta breithe: 3.7.1956;<br>Áit bhreithe: Tavoy, Maenmar/Burma;<br>Náisiúntacht: Maenmar;<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 12/SAKHANA(N)020199;<br>Inscne: fireann | Tá Min Aung Hlaing ina Ardcheannasaí ar Myanmar Armed Forces (Fórsaí Armtha Mhaenmar) (Tatmadaw) ó 2011. Tá sé ina Chathaoirleach ar State Security and Peace Commission (an Coimisiún Stáit um Shlándáil agus Síocháin) (SSPC), a raibh an fheidhm chéanna aige in State Administration Council (SAC) go dtí gur tháinig SSPC ina ionad an 31 Iúil 2025. Is comhalta é chomh maith de National Defence and Security Council (an Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála) (NDSC). D’fhógair Min Aung Hlaing é féin ina ‘Príomh-Aire’ an 1 Lúnasa 2021. An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d’fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d’aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. Arna iarraidh sin ag Min Aung Hlaing, chuir NDSC síneadh go foirmiúil leis an staid éigeandála trí shíntí as a chéile go dtí an 31 Iúil 2025. | 22.3.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Trí gach cumhacht uile a chomhchruinniú ina lámha féin agus ina cháil mar Chathaoirleach SAC/SSPC, bhí baint dhíreach ag an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC/SSPC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC/SSPC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha acu ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Mar Chathaoirleach ar SAC / SSPC, tá an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Ardcheannasaí ar Tatmadaw ó 2011 i leith, tá Min Aung Hlaing freagrach go díreach as na sáruithe tromchúiseacha agus as an mí-úsáid thromchúiseach sin i gcoinne phobal Róihinse. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 17. | Soe Win | Dáta breithe: 1.3.1960;<br>Náisiúntacht: Maenmar;<br>Inscne: fireann | Tá Soe Win ina Leas-Ardcheannasaí ar Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) ó 2011 i leith. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar an gCoimisiún Stáit um Shlándáil agus Síocháin (SSPC), a raibh an fheidhm chéanna aige sa State Administration Council (SAC) roimhe sin go dtí gur tháinig SSPC ina ionad an 31 Iúil 2025. Is comhalta é chomh maith den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC). An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. Ghlac Soe Win páirt sa chruinniú a bhí ag NDSC an 31 Eanáir 2022, ar dá bharr a cuireadh síneadh leis an staid éigeandála trí shintí as a chéile go dtí an 31 Iúil 2025. | 22.3.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach ar SAC/SSPC, bhí baint dhíreach ag an Leas-Ardcheannasaí Soe Win leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC/SSPC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC/SSPC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha acu ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br><br>Mar Leas-Chathaoirleach ar SAC/SSPC, tá an Leas-Ardcheannasaí Soe Win freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a rinne na fórsaí míleata agus póilíneachta i stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad go bhfuil go leor de na sáruithe sin ar na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Leas-Ardcheannasaí ar Tatmadaw ó 2011 i leith, tá Soe Win freagrach as na sáruithe tromchúiseacha agus as an mí-úsáid thromchúiseach sin i gcoinne phobal Róihinse. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Mya Tun Oo | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 4.5.1961 nó 5.5.1961;<br>Inscne: fireann | Is comhalta d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) é an Ginearál Mya Tun Oo. Bhí sé ina Aire Cosanta ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 3 Lúnasa 2023, agus bhí sé ina chomhalta den State Administrative Council (SAC) go dtí gur díscaoileadh é an 31 Iúil 2025. An 1 Feabhra 2023, ceapadh ina Leas-Phríomh-Aire é freisin. An 1 Lúnasa 2023, ghlac sé ról Aire Iompair agus Cumarsáide an Aontais freisin. Déanann sé maoirseacht freisin ar chomhlachtaí maoirseachta eile atá faoi rialú giunta a bhfuil baint aige le hinfheistíocht eachtrach agus trádáil eachtrach. | 22.3.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d’fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d’aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. Ghlac Mya Tun Oo páirt i gcruinniú na Comhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) an 31 Eanáir 2022, ar dá bharr a cuireadh síneadh leis an staid éigeandála go dtí an 31 Iúil 2022. Agus é ina chomhalta de NDSC agus de SAC, bhí baint dhíreach ag an nGinearál Mya Tun Oo leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin, dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br><br>Mar iar-chomhalta de SAC, tá an Ginearál Mya Tun Oo freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Thairis sin, ina cháil mar iarAire Cosanta, is ar Mya Tun Oo atá an fhreagracht as na hionsaithe a rinne na fórsaí míleata i stát Kayah an 25 Nollaig 2021 tráth a maraíodh breis is 30 duine, lena n-áirítear leanaí agus pearsanra daonnúil, agus as ollmharuithe agus céasadh sibhialtach ar fud Mhaenmar/Bhurma. Ina cháil mar Aire Cosanta, bhí an Ginearál Mya Tun Oo freagrach freisin as buamáil, aer-ruathair agus cásanna eile d'fhoréigean ar mórscála a rinne fórsaí armtha Mhaenmar le linn 2022. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a rinne na fórsaí míleata agus póilíneachta i stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad go bhfuil go leor de na sáruithe sin ar na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Ba é Mya Tun Oo a bhí ina Chomhcheann Foirne d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), an tríú post is sinsearaí sa Tatmadaw, ó mhí Lúnasa 2016 go dtí gur ceapadh é ina Aire Cosanta. Sa cháil sin, rinne sé maoirsiú ar oibríochtaí míleata a rinneadh i stát Rakhine agus rinne sé comhordú ar na fórsaí armtha éagsúla, lena n-áirítear an tArm, an Cabhlach agus an tAerfhórsa, chomh maith le húsáid airtléire. Tá sé freagrach dá bhrí sin as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 21. | Dwe Aung Lin | Dáta breithe: 31.5.1962; Náisiúntacht: Maenmar; Inscne: fireann | Tá an Leifteanant-Ghinearál Dwe Aung Lin ina chomhalta d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) agus bhí sé ina Rúnaí ar an State Administration Council (SAC) go dtí gur tháinig an Coimisiún Stáit um Shlándáil agus Síocháin (SSPC) ina ionad an 31 Iúil 2025. Is chomhalta é de SSPC ón 31 Iúil 2025 i leith.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 22.3.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ceapadh an Leifteanant-Ghinearál Dwe Aung Lin mar Rúnaí ar SAC an 2 Feabhra 2021, agus is é a d'eisigh orduithe SAC. I dteannta le daoine nach é, d'ordaigh sé daoine aonair a chur as oifig dar cheap an rialtas a toghadh go dlíthiúil iad, mar aon le foireann eile a chur ar an gcoimisiún toghcháin i Maenmar.<br><br>Mar chomhalta de SAC/SSPC agus mar iar-Rúnaí ar SAC, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant-Ghinearál Dwe Aung Lin leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC/SSPC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC/SSPC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha acu ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br><br>Mar chomhalta de SAC/SSPC agus mar iar-Rúnaí ar SAC, tá an Leifteanant-Ghinearál Dwe Aung Lin freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 22. | Ye Win Oo | Dáta breithe: 21.2.1966;<br>Náisiúntacht: Maenmar;<br>Inscne: fireann | Tá an Leifteanant-Ghinearál Ye Win Oo ina chomhalta d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) agus bhí sé ina Chomhrúnaí ar an State Administration Council (SAC) go dtí gur tháinig an Coimisiún Stáit um Shlándáil agus Síocháin (SSPC) ina ionad. Tá sé ag feidhmiú mar Rúnaí ar an SSPC ó tháinig sé in ionad SAC.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 22.3.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | An 2 Feabhra 2021, ceapadh an Leifteanant-Ghinearál Ye Win Oo mar Chomhrúnaí ar SAC. An 31 Iúil 2025, tháinig SSPC in ionad SAC agus ceapadh Ye Win Oo ina Rúnaí ar SSPC.<br><br>Mar chomhalta agus Comhrúnaí/Rúnaí de SAC/SSPC, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant-Ghinearál Ye Win Oo leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC/SSPC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag fórsaí agus údaráis slándála Mhaenmar a oibríonn faoi rialú SAC/SSPC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha acu ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br><br>Mar chomhalta de agus mar Chomhrúnaí/Rúnaí ar SAC/SSPC, tá an Leifteanant-Ghinearál Ye Win Oo freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 26. | Mahn Nyein Maung<br>(ar a dtugtar freisin P'do, Phado Man Nyein Maung) | Comhalta den Chomhairle Riaracháin Stáit;<br>Dáta breithe: ca. 1947;<br>Áit bhreithe: Maungdaw, Maenmar;<br>Náisiúntacht: Maenmar;<br>Inscne: fireann | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Mahn Nyein Maung, chomh maith le hiar-chomhalta den State Administrative Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Mahn Nyein Maung leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, tá Mahn Nyein Maung freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 27. | Thein Nyunt | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 26.12.1944;<br>Áit bhreithe: Kawkareik (Karen State) Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Uimhir aitheantais: 12/THAGAKA(NAING)012432;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council; Cathaoirleach an New National Democracy Party (NNDP) | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Thein Nyunt, agus is iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d’fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d’aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Thein Nyunt leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, tá Thein Nyunt freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 28. | Khin Maung Swe | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 24.7.1942;<br>Áit bhreithe: Ngathaingchaung, Pathein District, Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council; Cathaoirleach National Democratic Force party (NDF) (Páirtí an Fhórsa Dhaonlathaigh Náisiúnta) | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Khin Maung Swe, agus is iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Khin Maung Swe leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, tá Khin Maung Swe freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 29. | Aye Nu Sein | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 24.3.1957;<br>Áit bhreithe: Sittwe, Rakhine State, Maenmar/Burma;<br>Inscne: baineann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council; Leas-Chathaoirleach Arakan National Party | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach í Aye Nu Sein, agus is iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach í.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Aye Nu Sein leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus í freagrach as an gcinnteoireacht sin, agus dá bhrí sin, tá sí freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, tá Aye Nu Sein freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 30. | Jeng Phang Naw Htaung | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council (SAC); Aire Gnóthaí Eitneacha | Ón 31 Iúil 2025 i leith, is é Jeng Phang Naw Htaung an tAire Spóirt agus Gnóthaí Óige agus tá sé ina Aire Óstán agus Turasóireachta in Union Government (Rialtas an Aontais) . Is iar-chomhalta é chomh maith de State Administrative Council (SAC) é, agus bhí sé ina Aire Gnóthaí Eitneacha.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar Aire Spóirt agus Gnóthaí Óige, mar Aire Óstán agus Turasóireachta i Rialtas an Aontais, agus mar iar-chomhalta de SAC agus mar Aire Gnóthaí Eitneacha, bhí baint dhíreach ag Jeng Phang Naw Htaung leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir.. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar Aire Spóirt agus Gnóthaí Óige, mar Aire Óstán agus Turasóireachta i Rialtas an Aontais, agus mar iar-chomhalta de SAC agus mar Aire Gnóthaí Eitneacha, tá Jeng Phang Naw Htaung freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 31. | Maung Ha | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council (SAC); Comhalta de Lárchomhlacht Comhairleach SAC | Ba chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Maung Ha.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Maung Ha leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, tá Maung Ha freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 32. | Sai Long Hseng | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 18.4.1947;<br>Áit bhreithe: Kengtung, Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Cárta fíorúcháin saoránachta: Katana (Naing) 0052495;<br>Uimhir NRC: 13/KATANA (N)-005249;<br>Feidhm: iarChomhalta de State Administrative Council | Ba chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Sai Long Hseng.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Sai Long Hseng leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 19.4.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir.<br><br>Mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, tá Sai Long Hseng freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 33. | Saw Daniel | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 25.11.1957;<br>Áit bhreithe: Loikaw (Kayah State) Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Saw Daniel, agus is iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Saw Daniel leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna Stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, tá Saw Daniel freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 34. | Dr Banyar Aung Moe | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 14.8.1947;<br>Inscne: fireann;<br>Cárta aitheantais náisiúnta: 10RAMANAN202348;<br>Feidhm: Comhalta de State Administrative Council | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Banyar Aung Moe, chomh maith le bheith ina iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 19.4.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, bhí baint dhíreach ag Banyar Aung Moe leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach chomh maith, tá Banyar Aung Moe freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 36. | Soe Htut | Dáta breithe: 29.3.1960;<br>Áit bhreithe: Mandalay, Maenmar/Burma;<br>Náisiúntacht: Maenmar;<br>Inscne: fireann | Bhí an Leifteanant-Ghinearál Soe Htut ina chomhalta d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) agus ina chomhalta de State Administrative Council (SAC) faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 21.6.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ceapadh Soe Htut ina Aire Gnóthaí Baile an 1 Feabhra 2021. Ghlac Soe Htut páirt i gcruinniú na Comhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) an 31 Eanáir 2022, ar dá bharr a cuireadh síneadh leis an staid éigeandála go dtí an 31 Iúil 2022. Leis an gcinneadh sin agus toisc gur comhalta de SAC é, baineann a ghníomhaíochtaí agus a bheartais an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Tá an tAire Gnóthaí Baile freagrach as Fórsa Póilíneachta, Seirbhís Dóiteáin agus Seirbhís Príosúin Mhaenmar). Ar fheidhmeanna na hAireachta Gnóthaí Baile tá slándáil an stáit agus an t-ord poiblí. Sa cháil sin, tá an Leifteanant-Ghinearál Soe Htut freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne póilíní Mhaenmar ó bhí coup míleata ann an 1 Feabhra 2021, lena n-áirítear sibhialtaigh agus lucht agóide neamharmtha a mharú, sáruithe ar shaoirse comhlachais agus ar chomhthionól síochánta, gabhálacha treallacha agus ceannairí freasúra agus lucht agóide síochánta a choinneáil agus sáruithe ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant-Ghinearál Soe Htut leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Tá sé freagrach go díreach chomh maith as na cinntí diansmachta a rinne SAC, lena n-áirítear reachtaíocht lena sáraítear cearta an duine, agus lena dteorannaítear saoirsí shaoránaigh Mhaenmar/Bhurma, agus as na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag fórsaí slándála Mhaenmar. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 37. | Tun Tun Naung<br>(ar a dtugtar freisin Tun Tun Naing; ar a dtugtar freisin Htun Htun Naung) | Dáta breithe: 30.4.1963;<br>Náisiúntacht: Maenmar;<br>Inscne: fireann | Is comhalta de na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) é an Leifteanant-Ghinearál Tun Naung agus ba Cheannasaí dá gcuid é tráth. Is é an tAire Gnóthaí Baile agus tá sé in chomhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC), chomh maith le bheith ina iarAire Gnóthaí Teorann. In 2013, ba é Tun Tun Naung Ceannasaí an Tuaiscirt a rinne maoirseacht ar choinbhleacht lucht míleata Mhaenmar leis an Kachin Independence Army (Arm Shaoirse Kachin). Sa choinbhleacht sin, rinne trúpaí Mhaenmar a bhí faoi cheannas Tun Tun Naung sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. In 2017, ba é Tun Tun Naung oifigeach ceannais an '1st Bureau of Special Operations' (1ú Biúró Oibríochtaí Speisialta). Agus é i gceannas, rinne trúpaí ainghníomhartha agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gcoinne mionlaigh eitneacha i stát Rakhine le linn 'oibríochtaí dhíothú Róihinse'. Cuireadh tús leis na hoibríochtaí sin an 25 Lúnasa 2017 agus bhain siad le maruithe treallacha, mí-úsáid fhisiciúil, céasadh, foréigean gnéasach agus daoine de bhunadh Róihinse a choinneáil. Ina cháil mar Cheannasaí in 2013 agus 2017, bhí Tun Tun Naung freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinneadh i Maenmar/Burma. | 21.6.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. Le linn na n-imeachtaí sin, ghlac Tun Tun Naung le ceapachán mar Aire Gnóthaí Teorann i Rialtas an Aontais an 1 Feabhra 2021 agus leis sin, le suíochán sa Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NSDC). Ghlac Tun Tun Naung páirt sa chruinniú a bhí ag NDSC an 31 Eanáir 2022, ar dá bharr a cuireadh síneadh leis an staid éigeandála go dtí an 31 Iúil 2022. Leis an gcinneadh sin agus mar chomhalta de Rialtas an Aontais agus mar Aire Gnóthaí Baile, agus ina iarAire Gnóthaí Teorann, tá Tun Tun Naung freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre sin i mbaol. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 38. | Win Shein<br><br>(ar a dtugtar freisin U Win Shein) | Dáta breithe: 31.7.1957;<br><br>Áit bhreithe: Mandalay, Maenmar/Burma;<br><br>Náisiúntacht: Maenmar;<br><br>Inscne: fireann;<br><br>Pasuimhir: DM001478 (Maenmar/Burma) a eisíodh an 10.9.2012, agus a rachaidh in éag an 9.9.2022;<br><br>Cárta aitheantais náisiúnta: 12DAGANA011336 | Ba é Win Shein an Leas-Phríomh-Aire ón 1 Feabhra 2023 go dtí an 31 Iúil 2025 agus an tAire Pleanála agus Airgeadais i Rialtas an Aontais ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 31 Iúil 2025 agus é ceaptha ag an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing.<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Min Aung Hlaing.<br><br>Le linn dó a bheith ina Aire Pleanála agus Airgeadais agus ina Leas-Phríomh-Aire i Rialtas an Aontais, agus trína ról tábhachtach i gceapadh beartas eacnamaíoch an réimis, bhí sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 21.6.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 40. | Tin Aung San | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Dáta breithe: 16.10.1960;<br><br>Inscne: fireann;<br><br>Cárta aitheantais náisiúnta: 12/La Ma Na (N) 89 489 | Is é an tAimiréal Tin Aung San Ardcheannasaí Chabhlach Mhaenmar agus Aire Oifig an Phríomh-Aire. Bhí sé ina chomhalta de State Administration Council (SAC) go dtí gur díscaoileadh é sin an 31 Iúil 2025. Ón 5 Lúnasa 2025 i leith, tá sé ina Chomhairleoir Slándála Náisiúnta freisin. Roimhe sin, bhí sé ina Aire Iompair agus Cumarsáide agus ina Aire Cosanta.<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 21.6.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar Aire Rialtais Iompair agus Cumarsáide, bhí sé freagrach as cumarsáid agus líonraí agus ar an gcaoi sin rinne sé cinntí agus chuir sé beartais chun feidhme lena ndearnadh saoirse rochtana ar líne ar shonraí a shainiú. Ó ghlac sé ceannas ar an aireacht, is iomaí múchadh agus moilliú d'aon ghnó ar an idirlíon a tharla, chomh maith le horduithe do sholáthraithe cosc a chur ar Facebook, Twitter agus Instagram ar líne. I mí Eanáir 2022, scaipeadh dréacht nua den bhille cibearshlándála, lenar féidir mí-úsáid a bhaint as teicneolaíocht faireachais chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine aonair agus díriú orthu, agus, ar an gcaoi sin, a tsaoirse chun tuairimí a nochtadh chomh maith le rochtain ar fhaisnéis a chur faoi chois. Dá bhrí sin, tá sé freagrach go díreach as srian a chur le saoirse an phreasa agus le rochtain ar fhaisnéis ar líne, agus as ceart chun príobháideachais mhuintir Mhaenmar a shárú. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tá an bonn á bhaint aige den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar Leas-Phríomh-Aire agus Comhairleoir Slándála Náisiúnta chomh maith le hiarAire Cosanta agus comhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Tin Aung San leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Tá sé freagrach go díreach chomh maith as na cinntí diansmachta a rinne SAC, lena n-áirítear reachtaíocht lena sáraítear cearta an duine, agus lena dteorannaítear saoirsí shaoránaigh Mhaenmar/Bhurma, agus as na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag fórsaí slándála Mhaenmar. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 43. | Zaw Min Tun | Áit bhreithe: Yenanchaung, Maenmar;<br>Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann | Ba é an Briogáidire-Ghinearál Zaw Min Tun an Ceannaire ar Fhoireann Preasa State Administrative Council (SAC) agus an Leas-Aire Faisnéise. Is é iarcheann True News Information Team Tatmadaw é.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Cheap SAC faoi Ardcheannasaí Min Aung Hlaing é mar cheannaire ar Fhoireann Preasa SAC an 5 Feabhra 2021 agus mar Leas-Aire Faisnéise an 7 Feabhra 2021. | 21.6.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar urlabhraí SAC, bhí an Briogáidire-Ghinearál Zaw Min Tun i gceannas ar phreasagallaimh uile SAC, arb é atá mar aidhm acu leagan SAC a chur in iúl agus a chosaint i ndáil leis an coup agus le gníomhaíochtaí an ghiunta ó shin i leith.<br><br>Mar Leas-Aire Faisnéise an Rialtais, tá freagracht dhíreach air as na meáin atá faoi úinéireacht stáit agus dá réir sin as craoladh agus foilsiú na nuachta oifigiúla. Ó ainmníodh Chit Naing mar Aire Faisnéise agus Zaw Min Tung mar a Leas-Aire, tá na nuachtáin lán le hailt i bhfabhar an airm. Dá réir sin, tá Zaw Min Tun freagrach as bolscaireacht an ghiunta agus as bréagaisnéis a scaipeadh trí mheáin stáit, ar meáin iad nach bhfuil tuairisc chruinn á tabhairt acu. Tá sé freagrach freisin as cinntí ba chúis leis an gcniogbheartaíocht ar na meáin i Maenmar/Burma. Áirítear leis sin treoracha, lenar ordaíodh do na meáin neamhspleácha gan na téarmaí ‘coup’, ‘réimeas míleata’ ná ‘giunta’ a úsáid, agus lenar cuireadh cosc ar fhoinsí áitiúla nuachta sa tír agus lenar gabhadh iriseoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina chuid ráiteas, tugann sé tacaíocht phoiblí don coup míleata. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas i Maenmar/Burma agus as srian a chur ar shaoirse an phreasa agus ar rochtain ar fhaisnéis ar líne agus as líne araon. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar iar-chomhalta de SAC agus de rialtas an ghiunta, tá an Briogáidire-Ghinearál Zaw Min Tun páirteach i ngníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma agus tá sé ag tacú leis na gníomhaíochtaí agus na beartais sin, chomh maith le gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 46. | Thet Thet Khine | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 19.8.1967;<br>Áit bhreithe: Mogok, Maenmar/Burma;<br>Inscne: baineann;<br>Seoladh: 127A Dhamazadei Road, Kamayut, Yangon, Maenmar/Burma;<br>Pasuimhir: MB132403 (Maenmar/Burma) a eisíodh an 7.5.2015, arna dhul in éag an 6.5.2020;<br>Cárta aitheantais náisiúnta: 9MAKANAN034200 | Bhí Thet Thet Khine ina hAire Leasa Shóisialaigh, Fóirithinte agus Athlonnaithe ón 4 Feabhra 2021 go dtí an 3 Lúnasa 2023 agus ina hAire Óstán agus Turasóireachta ón 3 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2025. Ba é State Administrative Council (SAC), arb é an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing a cheannaire agus a ghlac cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuige féin ón 2 Feabhra 2021, a cheap í.<br>Tá tacaíocht tugtha don coup aici arís agus arís eile go poiblí. Ina cáil mar iarAire Rialtais, is cuid í den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn coup míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Ina ráitis agus ina gníomhartha, thacaigh sí go poiblí leis an coup agus leis an réimeas míleata, lena n-áirítear sa ráiteas uaithi gur eagraigh an t-arm an coup mar thoradh ar chalaois toghcháin. Ina theannta sin, shéan sí go ndearna an t-arm cinedhíothú in aghaidh dhaonra Róihinse.<br>Dá bhrí sin, tá sí ag gabháil do ghníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus do ghníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol, agus tugann sí tacaíocht do na gníomhaíochtaí agus beartais sin. | 21.2.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 47. | Maung Maung Ohn<br>(ar a dtugtar freisin U Maung Maung Ohn) | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann | Is é Maung Maung Ohn an tAire Faisnéise ón 1 Lúnasa 2021. Ba é State Administrative Council (SAC), arb é an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing a cheannaire agus a ghlac cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuige féin ón 2 Feabhra 2021, a cheap é. Bhí sé ina Aire Óstán agus Turasóireachta roimhe sin, tar éis dó a bheith ceaptha an 7 Feabhra 2021.<br>Mar Aire Rialtais, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn coup míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Ina cháil mar Aire Faisnéise, tá smacht aige ar na meáin atá faoi úinéireacht an Stáit (MWD, MRTV, as na nuachtáin Myanmar Alin, Kyemon agus Global New Light of Myanmar, as Myanmar News Agency (MNA) agus Myanmar Digital News), agus dá bhrí sin, tá craoladh agus foilsiú na nuachta oifigiúla faoi rialú ag Maung Maung Ohn. Lean sé de na beartais cur faoi chois tar éis an coup míleata, agus neartaigh sé iad, go sonrach trí leasú a dhéanamh ar an Dlí Craolacháin Teilifíse agus Raidió, trí shrianta breise a chur ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar shaoirse an phreasa, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí choiriúlú iriseoireachta agus trí iriseoirí a chur i bpríosún. Ina theannta sin, thug sé treoir do chomhaltaí Chomhairle Meán Mhaenmar, comhlacht neamhspleách, cuspóirí an rialtais a chur chun feidhme. | 21.2.2022 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, lena ghníomhartha, lena bheartais agus lena ghníomhaíochtaí, baintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 48. | Shwe Kyein<br>(ar a dtugtar freisin U Shwe Kyein) | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Shwe Kyein, agus is iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) é.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag U Shwe Kyein leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna Stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. | 21.2.2022 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine á ndéanamh go leanúnach ón 1 Feabhra 2021 ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata atá faoi rialú ag SAC, trí agóideoirí sibhialta neamharmáilte a mharú, trí na céadta míle duine a easáitiú, trí shibhialtaigh a dhó, a chéasadh agus a mharú agus trí rochtain chomhionann ar chabhair dhaonnúil a dhiúltú. Tá srian curtha ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata, atá ag feidhmiú faoi rialú ag SAC, leis an tsaoirse comhthionóil agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh trí rochtain ar an idirlíon a chosc, agus trí ghabháil agus choinneáil threallach a dhéanamh ar cheannairí den fhreasúra agus orthu siúd atá in aghaidh an coup agus trína gciontú. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, agus ceadaítear don arm údarás iomlán a fheidhmiú ar an limistéar sonraithe, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, ceiltear orthu an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear an ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir.<br><br>Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, tá U Shwe Kyein freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 56. | Than Soe<br>(ar a dtugtar freisin U Than Soe) | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann | Ainmníodh Than Soe ina chomhalta de Union Election Commission (UEC) an 26 Feabhra 2021 agus tá sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach UEC ón 31 Iúil 2025 i leith. Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta de UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iar-chomhaltaí de UEC, bhí baint dhíreach ag Than Soe le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 21.2.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 88. | Moe Aung | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br><br>Inscne: fireann;<br><br>Grád: Aimiréil | Ba é an tAimiréal Moe Aung Ardcheannasaí Chabhlach Mhaenmar. Tá sé ar dhuine de na hoifigigh is airde céim i bhFórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), agus tá dlúthbhaint aige le réimeas State Administrative Council (SAC)/an Choimisiúin Stáit um Shlándáil agus Síocháin, lena n-áirítear an tArdcheannasaí, Min Aung Hlaing agus an Leas-Ardcheannasaí Soe Win agus an Rialtas. Ó bhí an 8 Eanáir 2024 ann, tá sé ina Aire ar Aireacht 4 ag Oifig Chathaoirleach SAC agus tá sé ina Chomhairleoir Slándála Náisiúnta.<br><br>Glacann Moe Aung páirt freisin i rialachas Myanmar Economic Holdings Public Company Ltd (MEHL) agus Myanmar Economic Corporation Limited (MEC), dhá ilchuideachta faoi úinéireacht mhíleata a sholáthraíonn acmhainní eacnamaíocha agus ábharacha don arm chun a ngníomhaíochtaí a éascú. Faoina údarás agus i gcomhar leis an Aireacht Iompair agus Cumarsáide, iompraíodh saighdiúirí agus airm de bháid nó de longa go dtí an chuid thuaidh den tír ar uiscebhealaí. | 20.2.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar aire, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn coup míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht.<br><br>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Moe Aung a bhaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. Tá sé freagrach as an iliomad sáruithe ar chearta an duine freisin. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 90. | Myo Myint Aung | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Grád: Leifteanantchoirnéal | Tá an Leifteanantchoirnéal Myo Myint Aung ina Aire Eacnamaíoch de Réigiún Yangon ón 2 Meán Fómhair 2022. Mar Aire Réigiún Yangon, tá baint dhíreach aige le cinnteoireacht maidir le réigiún Yangon agus tá sé freagrach as an gcinnteoireacht sin.<br>Ina theannta sin, ba Cheannasaí Earcaíochta Míleata Yangon agus Breitheamh Míleata é roimhe sin ó bunaíodh na cúirteanna míleata go dtí Meán Fómhair 2022.<br>Sa cháil sin, líomhnaíodh go raibh baint aige le daoradh agus cur chun báis ceathrar gníomhaithe daonlathais i mí Iúil 2022. Le linn a thréimhse mar Bhreitheamh Míleata, daoradh cuid mhór de chomhaltaí den fhreasúra chun báis agus gearradh téarmaí príosúin acu.<br>Dá bhrí sin, sna cáileanna sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine ó bhí coup 2021 ann. | 20.2.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 93. | Myo Myint Oo | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br><br>Inscne: fireann | Ba é Myo Myint Oo Aire Fuinnimh an Aontais ón 5 Lúnasa 2022 go dtí mí Lúnasa 2023. Mar iarAire Rialtais, tá sé mar chuid den réimeas míleata.<br><br>Faoina údarás, ghin Myanmar Oil and Gas Enterprise (MOGE), eintiteas atá liostaithe ag an Aontas Eorpach, ioncam do State Administrative Council (SAC) atá liostaithe ag an Aontas agus Myanmar Petroleum Enterprise, atá i mbun breosla eitlíochta a allmhairiú agus a dháileadh, lena n-áirítear aerárthaí troda agus aerárthaí míleata eile.<br><br>Mar Aire Fuinnimh, bhí sé i gceannas ar infheistíocht agus ar chomhar a eagrú le comhpháirtithe eachtracha sna hearnálacha ola agus gáis, rud a chruthaíonn ioncam do SAC, agus, ar an gcaoi sin, cuidíonn sé le riachtanais airgeadais an réimis mhíleata a chinntiú agus le breosla eitlíochta a allmhairiú don arm, agus mar gheall air sin, is féidir aerionsaithe míleata a dhéanamh i gcoinne sibhialtach.<br><br>Ina cháil mar iarAire Fuinnimh an Aontais, dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Myo Myint Oo a bhaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | 20.2.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 94. | Aung Kyaw Min | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Dáta breithe: circa 1958;<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br><br>Inscne: fireann;<br><br>Feidhm: Comhalta de State Administration Council | Bhí Aung Kyaw Min ina chomhalta de State Administration Council (SAC) ón 1 Feabhra 2023 go dtí an 2 Lúnasa 2023. Is iarPhríomh-Aire de Stát Rakhine é freisin. Bhí SAC faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, a ghlac chuige féin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ón 1 Feabhra 2021, rud a chuir cosc ar an rialtas, a toghadh go daonlathach, a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Agus é ina iar-chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Aung Kyaw Min leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta.<br><br>Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021, inar maraíodh agóideoirí sibhialta agus neamharmtha, agus inar cuireadh srian leis an tsaoirse comhthionóil agus tuairimí a nochtadh.<br><br>Mar iar-chomhalta de SAC, tá Aung Kyaw Min freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | 20.7.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 96. | Myint Kyaing<br>(ar a dtugtar freisin U Myint Kyaing) | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 17.4.1957;<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: An tAire Aontais um Inimirce agus Daonra | Is é Myint Kyaing an tAire Aontais um Inimirce agus Daonra ón 19 Lúnasa 2021. Roimhe sin, bhí sé ina Aire Aontais um Shaothar tar éis an coup an 1 Feabhra 2021. Ba chomhalta de State Administration Council (SAC) é go dtí gur díscaoileadh í an 31 Iúil 2025, faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, a ghlac an Chomhairle sin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit trí bhíthin coup míleata an 1 Feabhra 2021.<br>Mar Aire rialtais, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn coup míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Ina cháil mar Aire Aontais, comhlíonann sé dualgais chun tacú le beartas diansmachta an réimis mhíleata um inimirce agus daonra mar shampla srianta ar shaoránaigh chun taisteal laistigh den tír chomh maith le beartas an réimis i leith mhionlach Róihinse, ar sárú ar chearta an duine é. Ina cháil mar Aire Inimirce agus Daonra, glacann sé páirt freisin sna hullmhúcháin do na toghcháin a d'fhógair an t-arm chun an coup neamhdhleathach a dhlisteanú i mí Feabhra 2021.<br>Tá Myint Kyaing freagrach dá bhrí sin as an bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | 20.7.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 97. | Porel Aung Thein | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 1960í-1970í (thart ar 60 bliain d'aois);<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administration Council | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Porel Aung Thein, agus is iar-chomhalta de State Administration Council (SAC) é. Is comhalta é freisin den pháirtí seachmhíleata Union Solidarity and Development Party (USDP) (Páirtí um Dhlúthpháirtíocht agus Fhorbairt an Aontais).<br>Bhí SAC faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing agus ghlac sé chuige féin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ón 2 Feabhra 2021, rud a chuir cosc ar an rialtas, a toghadh go daonlathach, a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Porel Aung Thein leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. | 20.7.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 2 Feabhra 2021, inar maraíodh agóideoirí sibhialta agus neamharmtha, agus inar cuireadh srian leis an tsaoirse comhthionóil agus tuairimí a nochtadh.<br><br>Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, tá Porel Aung Thein freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 98. | Pwint San | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 13.7.1961;<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Aire Aontais um Shaothar | Bhí Pwint San ina Aire Aontais um Shaothar ón 19 Lúnasa 2022 go dtí an 2 Lúnasa 2023. Ba é State Administration Council (SAC), faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, a ghlac cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuige féin ón 2 Feabhra 2021, a cheap é.<br>Ceapadh é roimhe sin mar Aire Aontais um Thráchtáil don tréimhse ón 3 Feabhra 2021 go dtí an 19 Lúnasa 2022.<br>Mar iarAire rialtais, ba chuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn coup míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Faoina údarás, tá sárú córasach déanta ar chearta oibrithe, go háirithe cearta na n-oibrithe sin atá cleamhnaithe le gluaiseacht an fhreasúra. Mar Aire um Thráchtáil, d'éascaigh Pwint San allmhairiú earraí atá riachtanach chun cumhacht an réimis a choinneáil (e.g. ola bhreosla a allmhairiú). Thairis sin, trína ghníomhaíochtaí náisiúnta agus trína theagmhálacha idirnáisiúnta, rannchuidíonn sé le cumhacht neamhdhlisteanach an réimis mhíleata a chobhsú a thuilleadh. Ag an am céanna, chuir an aireacht a bhí faoina húdarás leis na bristí soláthair laistigh den tír roimhe sin trí rialuithe allmhairiúcháin a fhorchur agus trí aistriú seoltán a shrianadh. | 20.7.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, ina cháil mar iarAire Aontais um Shaothar agus mar iarAire Aontais Tráchtála, is duine nádúrtha é Pwint San a mbaineann a ghníomhartha, a bheartais agus a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma agus atá i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 100. | Nyo Saw | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Príomh-Aire, Comhalta de State Administration Council (SAC) agus Comhairleoir do Min Aung Hlaing (Cathaoirleach SAC);<br>Grád: Leifteanant-Ghinearál;<br>Grád polaitiúil: Aire an Aontais | Ón 31 Iúil 2025 i leith, tá an Leifteanant-Ghinearál Nyo Saw ina Phríomh-Aire. Ó mhí Mheán Fómhair 2023, bhí sé ina chomhalta de State Administration Council tar éis dó a bheith ceaptha ina chomhairleoir sinsearach do Chathaoirleach State Administration Council (SAC), an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing (atá ainmnithe ón 22.3.2021) ar grád Aire de chuid an Aontais, go dtí gur tháinig an Coimisiúin Stáit um Shlándáil agus Síocháin (SSPC) in ionad SAC an 31 Iúil 2025. Is chomhalta é den SSPC ón 31 Iúil 2025 i leith. Tá sé i gceannas freisin ar choiste a bhfuil sé de chúram air breosla a allmhairiú ón Rúis, príomhsholáthraí arm an réimis. Chuaigh Nyo Saw ar scor ón arm in 2020 mar ardcheathrúnach. Tá sé ina chomhalta freisin den Choiste um Maoirseacht ar Mhalartaí Eachtracha (FESC) agus ina chathaoirleach ar an ilchuideachta Myanmar Economic Corporation (MEC) atá faoi úinéireacht mhíleata, agus gineann an dá cheann acu ioncam don réimeas. Tá sé ina chomhalta de ghrúpa pátrúnachta Myanmar Economic Holdings Ltd (MEHL) freisin. Mar chomhalta de SAC agus mar chomhairleoir do Chathaoirleach SAC, tá ról lárnach ag Nyo Saw maidir leis an deachtóireacht mhíleata i Maenmar a chothabháil agus a eagrú, ar deachtóireacht í a d'urghabh cumhacht trí coup míleata in 2021, agus an rialtas a toghadh go daonlathach á threascairt aige. Trína róil i stiúradh fiontar faoi úinéireacht mhíleata agus i mbainistiú allmhairí breosla ón Rúis, lena n-áirítear le haghaidh úsáid mhíleata, cuireann sé tacaíochtaí eacnamaíocha agus ioncam ar fáil don réimeas míleata freisin. Tá baint ag Nyo Saw le hiarchomhaltaí réimeas an ghiunta agus le comhaltaí reatha. | 11.12.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Nyo Saw ar lena bheartais agus lena ghníomhaíochtaí a bhaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma agus tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. Ina theannta sin, tá baint ag Nyo Saw le daoine atá ainmnithe faoi Chinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) 401/2013 ón gComhairle, go háirithe an Ginearál Min Aung Hlaing. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 102. | Hmu Htan | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe:<br>Idir 1960 agus 1975;<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administration Council (SAC) | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Hmu Htan, agus is iar-chomhalta de State Administration Council (SAC) é. Is comhalta é freisin den pháirtí seachmhíleata Union Solidarity and Development Party (USDP) (Páirtí um Dhlúthpháirtíocht agus Fhorbairt an Aontais).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 11.12.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Hmu Htan leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, tá agóideoirí neamharmtha sibhialta maraithe acu, srian curtha ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíocht fhoréigneach na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, tá Hmu Htan freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 103. | Wunna Maung Lwin | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br>Dáta breithe: 30.5.1952;<br>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;<br>Inscne: fireann;<br>Feidhm: Comhalta de State Administration Council (SAC); iarAire Gnóthaí Eachtracha an -ghiunta | Is comhalta den Chomhairle Náisiúnta Cosanta agus Slándála (NDSC) agus dá Lárchomhlacht Comhairleach é Wunna Maung Lwin, agus is iar-chomhalta de State Administrative Council (SAC) é. Is comhalta é freisin den pháirtí seachmhíleata Union Solidarity and Development Party (USDP) (Páirtí um Dhlúthpháirtíocht agus Fhorbairt an Aontais).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a chur as cumhacht. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra 2021 agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Seirbhísí Cosanta, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 11.12.2023'; |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach, agus mar iar-chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Wunna Maung Lwin leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta.<br><br>Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith; mharaigh siad agóideoirí neamharmtha agus sibhialtaigh, chuir siad srian ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, rud a thugann smacht iomlán don arm ar an limistéar atá i gceist, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, rud a cheileann orthu go praiticiúil an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar chomhalta de NDSC agus dá Lárchomhlacht Comhairleach chomh maith le hiar-chomhalta de SAC agus iarAire Gnóthaí Eachtracha an ghiunta, tá Wunna Maung Lwin freagrach go díreach as cinntí diansmachta agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, chomh maith le gníomhaíochtaí darb aidhm iad a dhlisteanú go hidirnáisiúnta. | |

PUBLIC

(3) faoin gceannteideal ‘B. Daoine, eintitis agus comhlachtaí dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1)’, cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 2, 3, 4, 6, 9, 10, 11 agus 19:

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘1. | Myanmar Economic Holdings Public Company Ltd | Seoladh: 51 Mahabandoola road, 189/191 Botataung, Yangon region, Maenmar 11 161;<br>An cineál eintitis: Cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna;<br>Áit chlárúcháin: Yangon, Maenmar/Burma;<br>Dáta clárúcháin: an 27 Aibreán 1990;<br>Uimhir chlárúcháin: 156387282; | Is ilchuideachta é Maenmar Economic Holdings Public Company Ltd (MEHL) atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), a bhfuil fochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe acu in earnálacha éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear baincéireacht, árachas, tógáil, trádáil, iompar, mianadóireacht, eastóscadh geamanna, déantúsaíocht agus turasóireacht. Cruthaíonn MEHL agus a fhochuideachtaí ioncam do Tatmadaw, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta agus sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine i Maenmar/Burma.<br>Bhronn MEHL agus a fhochuideachtaí sócmhainní ar an arm in 2017 le linn shearmanais tiomsaithe airgid Tatmadaw. Dá bhrí sin, thacaigh MEHL le Tatmadaw ó thaobh airgeadais de agus, dá bhrí sin, rannchuidigh sé lena chumas ‘oibríochtaí imréitigh’ agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a chur i gcrích in 2017 i gcoinne phobal Róihinse. | 19.4.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Príomháit ghnó: Maenmar/Burma;<br><br>Comhlaigh: An bord stiúrthóirí: An Leifteanant-Ghinearál Aung Lin Dwe: stiúrthóir (AE-ainmnithe); An Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun: stiúrthóir (AE-ainmnithe); Grúpa pátrúnachta: Leas-Ardcheannasaí Min Aung Hlaing: cathaoirleach (AE-ainmnithe);<br><br>An Leas-Ardcheannasaí Soe Win: Leaschathaoirleach (AE-ainmnithe);<br><br>Uimhir ghutháin: 01-290843;<br><br>Suíomh gréasáin: http://www.mehl.com.mm/ | Tá bord stiúrthóirí MEHL comhdhéanta go heisiach d'ardoifigigh (gníomhach nó ar scor) den Tatmadaw. Bhí beirt chomhaltaí den Bhord stiúrthóirí (an Leifteanant-Ghinearál Aung Lin Dwe agus an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun) ina gcomhaltaí freisin de State Administration Council, an comhlacht ad hoc a cruthaíodh tar éis an coup a tharla an 1 Feabhra 2021 agus a bhí i mbun rialú de facto ar Mhaenmar, ar comhlacht é a tháinig an Coimisiún Stáit um Shlándáil agus Síocháin ina ionad an 31 Iúil 2025, agus tá siad liostaithe faoi Chinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma.<br><br>Bhí an tArdcheannasaí Mion Aung Hlaing agus an Leas-Ardcheannasaí Soe Win i gceannas ar ghrúpa pátrúnachta MEHL mar Chathaoirleach agus mar Leas-Chathaoirleach, faoi seach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2. | Myanmar Economic Corporation Limited | Seoladh: Corner of Ahlone road & Kannar road, Ahlone, Yangon, Maenmar;<br>An cineál eintitis: Cuideachta faoi theorainn scaireanna;<br>Áit chlárúcháin: Yangon, Maenmar/Burma;<br>Dáta clárúcháin: Sa bhliain 1997 a bunaíodh í mar chuideachta atá faoi úinéireacht Stáit agus a cláraíodh mar chuideachta phríobháideach an 9 Eanáir 2019;<br>Uimhir chlárúcháin: 105444192;<br>Áit ghnó: Maenmar/Burma;<br>Uimhir ghutháin: 01-8221369;<br>Seoladh ríomhphoist: mecadm.hq@gmail.com | Is ilchuideachta é Myanmar Economic Corporation (MEC) atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), a bhfuil fochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe acu in earnálacha éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear baincéireacht, árachas, tógáil, trádáil, iompar, mianadóireacht, eastóscadh geamanna, déantúsaíocht agus turasóireacht. Cruthaíonn MEC agus a fhochuideachtaí ioncam do Tatmadaw, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta agus sáruithe tromchúiseacha adhéanamh ar chearta an duine i Maenmar/Burma.<br>Tá bord stiúrthóirí MEC comhdhéanta go heisiach d'ardoifigigh (gníomhach nó ar scor) den Tatmadaw.<br>Bhronn MEC agus a fhochuideachtaí sócmhainní ar an arm in 2017 le linn shearmanais tiomsaithe airgid Tatmadaw. Dá bhrí sin, thacaigh MEC le Tatmadaw ó thaobh airgeadais de agus, dá bhrí sin, rannchuidigh sé lena chumas 'oibríochtaí imréitigh' agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a chur i gcrích in 2017 i gcoinne phobal Róihinse. | 19.4.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 3. | Myanma Gems Enterprise (ar a dtugtar freisin Myanmar Gems Enterprise) | Seoladh: NO.70-072, Yarza, Thingaha Road, Thapyaygone Ward, Zabuthiri Township, Naypyitaw, Maenmar;<br>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht stáit;<br>Áit chlárúcháin: Maenmar;<br>Suíomh gréasáin: http://www.mge.gov.mm/ | Is fiontar é Myanmar Gems Enterprise (MGE) atá faoi úinéireacht stáit agus á rialú ag Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw). Tá sé freagrach as rialacha agus rialacháin a dhréachtú agus as maoirseacht agus deonú ceadanna a dhéanamh d'fhiontraithe príobháideacha áitiúla, margaí agus díolacháin speisialta a eagrú i ndáil le séad agus geama. Oibríonn MGE faoi threoir Ministry of Natural Resources and Environmental Conservation (MONREC) (an Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú Comhshaoil), arb é State Administrative Council (SAC) a cheapann a Aire. | 21.6.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Le fada an lá, tá leasanna suntasacha ag Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) i séada agus i ngeama, go háirithe trí cheannaireacht MGE, ar iar-oifigigh míleata iad beagnach gach comhalta di agus trí ghníomhaíochtaí arna seoladh ag dhá ilchuideachta mhíleata (Myanmar Economic Holdings Limited (MEHL) agus Myanmar Economic Corporation Limited (MEC)). Leis an coup a rinneadh an 1 Feabhra 2021 cuireadh MGE faoi rialú míleata arís, rud a fhágann go bhfuil smacht suntasach ag Tatmadaw ar earnáil na ngeam. Gineann MGE ioncam do ranna éagsúla de Stát Mhaenmar trína ghníomhaíochtaí éagsúla mar a thuairiscítear thuas, agus tá Tatmadaw in ann tairbhe dhíreach nó indíreach a bhaint as an ioncam a ghineann an earnáil sin. Dá bhrí sin, tá MEC ag cur le cumas Tatmadaw gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta agus sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine i Maenmar/Burma. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 4. | Myanma Timber Enterprise<br>(ar a dtugtar freisin Myanmar Timber Enterprise) | Seoladh: Ceannoifig: Gyogone Forest Compound, Bayint Naung Road, Insein Township, Yangon, Maenmar;<br>Oifig brainse: No 72/74 Shawe Dagon Pagoda Road, Dagon Township, Yangon, Maenmar;<br>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht stáit;<br>Áit chlárúcháin: Maenmar;<br>Uimhir ghutháin: 01-3528789;<br>Suíomh gréasáin: http://www.mte.com.mm/index.php/en | Is fiontar faoi úinéireacht stáit é Myanma Timber Enterprise (MTE) a oibríonn faoin Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC). Tá cearta eisiacha ag MTE chun adhmad a tháirgeadh agus a onnmhairiú i Maenmar/Burma.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón rialtas dlisteanach sibhialtach in coup d'état agus bhunaigh siad SAC chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra 2021, cheap an réimeas míleata comh-aireacht nua, lena n-áirítear aire nua ar an Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC). Trí SAC agus an chomh-aireacht nua, fuair an réimeas míleata smacht ar fhiontair faoi úinéireacht stáit agus tairbhíonn sé díobh, lena n-áirítear MTE. Dá bhrí sin, tá an Myanma Timber Enterprise agus a chuid fochuideachtaí faoi rialú an Tatmadaw, agus gineann siad tairbhí dó, rud a chuireann lena chumas siúd gníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta. | 21.6.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | Myanmar War Veterans Organization | Seoladh: Thukhuma Road, Datkhina Thiri Tsp, Naypyitaw Division, Maenmar;<br>An cineál eintitis: Eagraíocht neamhrialtasach;<br>Áit chlárúcháin: Yangon, Maenmar/Burma;<br>Dáta clárúcháin: 1973;<br>Uimhir ghutháin: (067) 30485;<br>Suíomh gréasáin: https://www.mwvo.org/Home/About | Eagraíocht neamhrialtasach í Myanmar War Veterans Organization (MWVO) a bhfuil sé d'aidhm aici tacaíocht a thabhairt d'iarrchomhaltaí d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw). Is í an phríomheagraíocht sa tír ó thaobh tionchar ar shaincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an arm.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón rialtas dlisteanach sibhialtach in coup d'état agus bhunaigh siad SAC chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 21.6.2021 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | De réir shainordú MWVO, feidhmíonn an eagraíocht neamhrialtasach sin mar fhórsa cúltaca leis an Tatmadaw agus glacann sí páirt i múnlú an bheartais náisiúnta cosanta agus slándála. Ina theannta sin, eagraíonn MWVO slógaí i bhfabhar an réimis agus cuireann sé oiliúint ar mhílíste an phobail, ag tacú, dá réir sin, le Tatmadaw agus a chuid gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Tá comhaltaí ardréime Tatmadaw, mar shampla, Ardcheannasaí Min Aung Hlaing agus Leas-Ardcheannasaí Soe Win, i ngrúpa pátrúnachta MWVO. Tá comhaltaí de chuid MWVO ina gcuid de struchtúr rialachais na n-ilchuideachtaí faoi stiúir mhíleata, Myanmar Economic Holdings Limited (MEHL) agus Myanmar Economic Corporation Limited (MEC). Tá baint, dá réir sin, idir MWVO agus daoine agus eintitis arna liostú faoi Chinneadh (CBES) 2013/184 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 9. | No. 1 Mining Enterprise (ME 1) | Seoladh: Bu Tar Street, Forest Street, Corner of Yone Gyi Quarter, Monywa, Sagaing Region, Maenmar/Burma;<br><br>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht stáit;<br><br>Áit chlárúcháin: Maenmar/Burma;<br><br>Uimhir ghutháin: 09-071-21168 | Is fiontar faoi úinéireacht Stáit (SOE) é No. 1 Mining Enterprise (ME 1) atá ag feidhmiú faoin Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC) agus a fheidhmíonn mar rialtóir don earnáil táirgthe agus margaíochta miotal neamhfheiriúil. Dá réir sin, tá an chumhacht ag SOE ceadanna a dheonú agus cuid den cháin a bhailiú ar bhrabúis a dhéanann cuideachtaí príobháideacha atá in 'conarthaí maidir le comhroinnt táirgeachta' nó i gcomhfhiontair le ME 1.<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón rialtas dlisteanach sibhialtach in coup d'état agus bhunaigh siad SAC chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra 2021, cheap an réimeas míleata comh-aireacht nua, lena n-áirítear aire nua ar an Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC). Trí SAC agus an chomh-aireacht nua, fuair an réimeas míleata smacht ar SOEnna agus tairbhíonn sé díobh, lena n-áirítear No. 1 Mining Enterprise. Dá bhrí sin, tá No. 1 Mining Enterprise faoi rialú Tatmadaw, agus gineann sé ioncaim dó, rud a chuireann lena chumas siúd gníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta. | 21.2.2022 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Thairis sin, tá páirt glactha ag No. 1 Mining Enterprise i dtionscadail éagsúla, agus/nó rinne sé maoirseacht orthu, ar tionscail iad a bhaineann le foréigean a rinne Tatmadaw in aghaidh an phobail shibhialta agus lena sáraítear a gcearta is bunúsaí, lena n-áirítear trí choigistiú talún agus athlonnú éigeantach. Tá No. 1 Mining Enterprise freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 10. | Myanma Oil and Gas Enterprise | Seoladh: Ministry of Electricity and Energy, Building No.(6), Nay Pyi Taw, Maenmar/Burma;<br>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht stáit;<br>Áit chlárúcháin: Maenmar/Burma;<br>Uimhir ghutháin: +95-67-3 411 055;<br>Suíomh gréasáin: http://www.moee.gov.mm/en/ignite/page/40 | Is oibritheoir ola, soláthraí seirbhíse agus rialtóir na hearnála ola agus gáis é Myanma Oil and Gas Enterprise (MOGE), fiontar faoi úinéireacht Stáit (SOE). Déanann sé maoirseacht ar thaiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis, tarchur gáis intíre agus dáileadh táirgí peitriliam. Tá an fhreagracht ar an SOE ceadanna a dheonú agus cuid den cháin a bhailiú ar bhrabúis a dhéanann cuideachtaí príobháideacha atá rannpháirteach sna 'conarthaí maidir le comhroinnt táirgeachta' nó i gcomhfhiontar le MOGE.<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón rialtas dlisteanach sibhialtach in coup d'état agus bhunaigh siad SAC chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra 2021, cheap SAC airí nua, Aire Leictreachais agus Fuinnimh san áireamh. Déanann Ministry of Electricity and Energy (MEE) (an Aireacht Leictreachais agus Fuinnimh) maoirseacht ar MOGE. Trí SAC agus an chomh-aireacht nua, fuair an réimeas míleata smacht ar fhiontair faoi úinéireacht Stáit agus tairbhíonn sé díobh, MOGE san áireamh.<br>Dá bhrí sin, tá MOGE á rialú ag Tatmadaw agus gineann sé ioncam dó, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 21.2.2022 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | State Administration Council (SAC)/State Security and Peace Commission (SSPC) | An cineál eintitis: poiblí;<br>Áit chlárúcháin: Maenmar | Is eintiteas poiblí é an State Administration Council (SAC) a bunaíodh an 2 Feabhra 2021 tar éis an coup míleata i Maenmar/Burma an 1 Feabhra 2021. Mar chuid den coup sin, d'fhógair an Leas-Uachtarán Swe, staid éigeandála agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí Min Aung Hlaing. Bunaíodh SAC, faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, chun na feidhmeanna sin a fheidhmiú.<br>Tháinig an Coimisiún Stáit um Shlándáil agus Síochain (SSPC) in ionad SAC an 31 Iúil 2025.<br>Tá SAC/SSPC, trína chumhacht chun feidhmeanna stáit a fheidhmiú, freagrach as beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC / SSPC cinntí as ar eascair cos ar bolg ar an bpobal sibhialtach agus ar an bhfreasúra polaitiúil, ainghníomhartha agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag fórsaí slándála Mhaenmar. Dá bhrí sin, tá SAC / SSPC i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol. | 8.11.2022 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | No. 2 Mining Enterprise (ME 2) | Seoladh: Ywargout Quarter, Pyinmana Township, Nay Pyi Taw, Maenmar/Burma;<br>An cineál eintitis: Fiontar faoi Úinéireacht an Stáit (SOE)<br>Áit chlárúcháin: Maenmar/Burma;<br>Príomháit ghnó: Maenmar/Burma;<br>Uimhir theileafóin: 09 – 067-22126 | Is fiontar faoi úinéireacht Stáit (SOE) é No. 2 Mining Enterprise (ME 2) atá ag feidhmiú faoin Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC) agus a fheidhmíonn mar rialtóir don earnáil táirgthe agus margaíochta miotal neamhfheiriúil. Dá réir sin, tá an chumhacht ag SOE ceadanna a dheonú agus cuid den cháin a bhailiú ar bhrabúis a dhéanann cuideachtaí príobháideacha atá in 'conarthaí maidir le comhroinnt táirgeachta' mar a thugtar orthu nó i gcomhfhiontair le ME 2.<br>Cheap an State Administrative Council (SAC), ar tháinig an Coimisiún Stáit um Shlándáil agus Síoch# áin (SSPC) ina ionad an 31 Iúil 2025, agus a ghlac seilbh ar chumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit an 2 Feabhra 2021, an tAire um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú Comhshaoil, U Khin Maung Yi. | 20.7.2023'. |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ó tharla an coup míleata, fuair an réimeas míleata smacht ar SOEnna agus tairbhíonn sé díobh, lena n-áirítear No. 2 Mining Enterprise. Dá bhrí sin, tá No. 2 Mining Enterprise á rialú ag fórsaí armtha Mhaenmar (Tatmadaw) agus gineann sé ioncam dó, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta.<br>Thairis sin, tá páirt glactha ag No. 2 Mining Enterprise i dtionscadail éagsúla, agus/nó rinne sé maoirseacht orthu, a bhaineann le foréigean a rinne fórsaí armtha Mhaenmar (Tatmadaw) in aghaidh an pobail shibhialta agus lena sáraítear a gcearta is bunúsaí, lena n-áirítear trí choigistiú talún agus athlonnú éigeantach. | |

PUBLIC